

An Treoirleabhar maidir le hlarratas a Dhéanamh ar líne



An leagan seo den treoirleabhar: Aibreán 2016



Clár

- 1) [Do chuntas EPSO](#)
- 2) [Do chuid sonraí pearsanta a athrú](#)
- 3) [An fhoirm iarratais ar líne](#)
- 4) [Gnéithe eile den iarratas](#)
- 5) [Tuilleadh eolais](#)

Iarscríbhinní

Iarscríbhinn I) [D'ainm úsáideora \(ainm logála isteach\) nó do phasfhocal a fháil arís](#)

Iarscríbhinn II) [An ráiteas príobháideachais maidir le cosaint sonraí pearsanta](#)

Séanadh: Féach gurb iad an fógra comórtais nó an glao ar léiriú spéise, agus na Rialacha Ginearálta maidir le Comórtais Oscailte nó na Rialacha Ginearálta maidir le nósanna imeachta roghnúcháin gníomhairí ar conradh, gurb iad sin creat dlí ceangailteach gach nós imeachta roghnúcháin. Níl san eolas atá treoirleabhar seo ach treoir sa bhreis orthu sin.



1) Do chuntas EPSO

- Is féidir cuntas EPSO a chruthú ar an suíomh gréasáin [EU Careers](#).
- Ní ceadmhach ach aon chuntas EPSO amháin a bheith agat. Is féidir tú a dhícháiliú ag céim ar bith den nós imeachta roghnúcháin má fhaightear amach go bhfuil níos mó ná cuntas amháin agat. Déan [teagmháil](#) linn má bhíonn ceist agat ina thaobh seo.
- Má dhéanann tú dearmad ar d'ainm logála isteach nó ar do phasfhocal, is féidir leat iad a fháil arís ach na treoracha atá tugtha in larscríbhinn I a leanúint.
- Sula gcruthóidh tú do chuntas, iarrfar ort glacadh leis an ráiteas príobháideachais maidir le cosaint sonraí pearsanta. Tá an ráiteas príobháideachais maidir le cosaint sonraí pearsanta ar fáil in larscríbhinn II.
- Is gá [sonraí pearsanta](#) áirithe a thabhairt chun cuntas EPSO a chruthú.

2) Do chuid sonraí pearsanta a athrú

- Más gá duit roinnt de do chuid sonraí a athrú, e.g. d'ainm, do dháta breithe, do shaoránacht, iarrtar ort sin a dhéanamh ar dtús i do chuntas EPSO agus ansin, faoi cheann cúig lá, na nithe seo a sheoladh chugainn trí ríomhphost (EPSO-PERS-DATA@ec.europa.eu) nó ar facs (+32 229 79 617):
 - a) gearrchuntas ar an athrú is mian leat a dhéanamh (tabhair na seansonraí agus na sonraí nua araon); agus
 - b) cóip de dhoiciméad oifigiúil atá ina údar leis an athrú (e.g. cóip de phas, de chárta aitheantais náisiúnta, de dhoiciméad dlí).
- A luaithe a bheidh glactha ag EPSO le d'iarratas, déanfar an t-athrú i do chuntas.
- D'fhéadfadh sé go mbainfeadh sé 15 lá oibre asainn déileáil le d'iarratas, dá bhrí sin iarrtar ort gan an t-iarratas a sheoladh chugainn athuair ná meabhrúcháin a sheoladh chugainn.
- Aon iarratas ar athrú sonraí pearsanta nach bhfuil iomlán, diúltófar é.



3) An fhoirm iarratais ar líne

- Sula dtosóidh tú ar an bhfoirm iarratais a líonadh isteach, déan deimhin de go bhfuil na sonraí ar fad i do chuntas EPSO bord ar bhord leis an aimsir.
- Moltar duit an fógra comórtais/an glao ar léiriú spéise agus na Rialacha Ginearálta maidir le Comórtais Oscailte/na Rialacha Ginearálta maidir le nósanna imeachta roghnúcháin gníomhairí ar conradh, moltar duit iad sin a léamh go grinn ionas go mbeidh a fhios agat an gcomhlíonann tú na coinníollacha incháilitheachta ar fad.
- A luaithe a bheidh an tréimhse chlárúcháin ar oscailt, cuirfear ar an suíomh gréasáin [EU Careers](#) nasc chuig an bhfoirm iarratais.
- Is iondúil go mbaineann sé tamall fada as daoine an fhoirm iarratais a líonadh isteach, dá bhrí sin ná fan go dtí an nóiméad deiridh lena dhéanamh. Is fútsa, agus fútsa amháin, atá sé an fhoirm iarratais a bhailíochtú roimh an sprioc-am.
- Ní mór an fhoirm iarratais a líonadh isteach sa teanga atá sonraithe sa fhógra comórtais nó sa ghlaó ar léiriú spéise.
- An t-ábhar a bhaineann le hiarratas a dhéanamh, níl sé ar fáil i láthair na huaire ach i mBéarla, i bhFraincis agus i nGearmáinis; féach, áfach, go bhfuil [achóimre](#) ar fáil i dteangacha oifigiúla uile an Aontais.
- Agus an fhoirm á líonadh isteach agat, ná greamaigh san fhoirm iarratais aon téacs ó dhoiciméad nach comhad íontéacs é (.txt). Moltar duit próiseálaí focal bunúsach (e.g. Notepad (Windows), TextEdit (Mac OS X)) a úsáid chun an chóipeáil agus greamú a dhéanamh agus gan spásanna nach dteastaíonn ná carachtair neamh-chomhoiriúnacha a chur isteach.
- Seachain agus ná húsáid na saigheada 'siar' agus 'ar aghaidh' sa bhrabhsálaí agus tú ag dul ó leathanach go leathanach san fhoirm iarratais nó ó fhoirm iarratais go fhoirm iarratais i do chuntas EPSO (e.g. sa chás go mbeifeá ag iarraidh teacht ar shonraí a thug tú i bhfoirmeacha eile iarratais roimhe sin). Ní mór na cnaipí atá ar scáileáin an ríomhchláir a úsáid.
- Tá na córais a úsáideann EPSO comhoiriúnach leis na brabhsálaithe idirlín is mó a úsáidtear. Má thagann deacracht romhat, moltar duit triail a bhaint as brabhsálaí eile sula ndéanfaidh tú teagmháil linn. Moltar gan gléasanna móibíleacha a úsáid chun an fhoirm iarratais a líonadh isteach.



- A luaithe a bheidh tús curtha agat le d'iarratas, tabharfar uimhir iarratais duit. Iarrtar ort an uimhir sin a lua gach uair a dhéanfaidh tú teagmháil le EPSO.

4) Gnéithe eile den iarratas

Na trialacha féinmheasúnaithe

- Sula ndéanfaidh tú iarratas, d'fhéadfadh sé go n-iarrfaí ort suirbhé agus/nó roinnt trialacha idirghníomhacha a dhéanamh.
- Tá an suirbhé '**Gairm domsa, gairm san Aontas Eorpach?**' ceaptha cuidiú leat fios a bheith agat an oirfeadh post in institiúidí an Aontais Eorpaigh duit. Ba cheart go mbeadh an ceistneoir ina chuidiú agat fios a bheith agat an bhfuil an t-ardmhianach ionat is gá a bheith in oifigigh institiúidí an Aontais Eorpaigh.
- Is éard atá sna **trialacha féinmheasúnaithe** ionsamhlú de na trialacha ar ríomhaire a dhéantar sa chéad chéim den nós imeachta roghnúcháin, cuir i gcás:
 - réasúnaíocht bhriathartha
 - réasúnaíocht uimhriúil
 - réasúnaíocht theibí
 - breithiúnas suíomhúil
 - trialacha tuisceana teanga
 - trialacha scileanna gairme.
- Ní trialacha díbeartha na trialacha féinmheasúnaithe agus ní chuirfear na torthaí a ghnóthófar iontu ar taifead.
- Mura bhfuil trialacha féinmheasúnaithe ag gabháil leis an nós imeachta roghnúcháin a bhfuil tú féin páirteach ann, ach go bhfuil tuilleadh eolais orthu uait, is féidir breathnú ar na [trialacha samplacha](#) atá ar fáil ar ár suíomh gréasáin.

An scagthóir buanna (DE: *Talentfilter*, EN: *talent screener*, FR: *évaluateur de talent*)

- I gcás nósanna imeachta roghnúcháin áirithe, beidh ort ceistanna mionsonraithe breise a fhreagairt faoi na cáilíochtaí agus faoin taithí oibre atá agat.



- Déanfaidh an bord roghnúcháin an t-eolas a thabharfaidh tú fúthu sin a chur san áireamh agus é ag cinneadh cé na hiarrthóirí a dtabharfar cuireadh chun an ionaid measúnaithe dóibh.

5) Tuilleadh eolais

- Moltar duit breathnú ar do chuntas EPSO dhá uair sa tseachtain ar a laghad le linn an nós imeachta roghnúcháin.
- Is féidir breathnú ar d'fhoirm iarratais aon uair is áil leat é, trí do chuntas EPSO.
- Más iarratas ar nós imeachta roghnúcháin do ghníomhairí ar conradh atá san iarratas atá déanta agat, d'fhéadfadh sé go rachadh na seirbhísí earcaíochta i dteagmháil leat ag an seoladh ríomhphoist a thug tú i do chuntas EPSO.
- Is gnách go bhfoilsítear eolas breise agus eolas nuashonraithe go rialta ar shuíomh gréasáin EPSO faoi nósanna imeachta roghnúcháin agus faoi amchlár chéimeanna éagsúla na gcomórtas.
- Má bhíonn aon cheist eile agat féach an roinn '[teagmháil a dhéanamh linn](#)' ar ár suíomh gréasáin. Féach go bhféadfadh sé go mbainfeadh sé 15 lá oibre asainn freagra a thabhairt ar cheisteanna.



IARSCRÍBHINN I: D'ainm úsáideora (ainm logála isteach) nó do phasfhocal a fháil arís

Seo thíos treoracha faoi cad is ceart a dhéanamh má dhéanann tú dearmad ar d'ainm úsáideora (ainm logála isteach) nó pasfhocal do chuntais EPSO.

An bhfuil d'ainm úsáideora/logála isteach dearmadta agat?

1) Gabh chuig:

<https://europa.eu/epso/application/base/?admission/registration/remindusername>

2) Tabhair do sheoladh ríomhphoist (féach thíos)

Má tá d'ainm úsáideora nó d'ainm logála isteach dearmadta agat cuir isteach sa bhosca thíos an príomhsheoladh ríomhphoist a shábháil tú i do chuntas EPSO agus seolfaimid chugat do chuid sonraí logála isteach arís.

Mura cuimhin leat an seoladh ríomhphoist sin nó mura bhfuil rochtain agat a thuilleadh ar an gcuntas lena mbaineann sé, déan teagmháil linn tríd an leathanach seo:

<https://europa.eu/epso/application/base/index.cfm?controller=webform&action=index&usertype=2&lang=en>

Cuireadh ríomhphost chugat ina bhfuil do chuid sonraí logála isteach.

3) Cuirfear ríomhphost uathoibríthe chugat ina mbeidh d'ainm úsáideora (féach thíos).

Ó:

Chuig:

Maidir le: Cuntas EPSO [d'ainm úsáideora]

Síod é d'ainm úsáideora:

An chéad uair eile a logálfaidh tú isteach, féadfaidh tú an t-ainm úsáideora seo a úsáid.

Más mian leat logáil isteach anois, gabh chuig: <https://europa.eu/epso/application/passport/login.cfm>.

Pasfhocal dearmadta • Ainmúsáideor dearmadta • Cúnamh • Téarmaí úsáide • Príobháideachtas
Fadhb agat fós?

Má tá sé ag dul deacair ort fós logáil isteach i do chuntas, déan teagmháil linn tríd an bhfoirm teagmhála.

Do phasfhocal a chosaint

Ní iarrfaidh EPSO ort CHOÍCHE do phasfhocal a sheoladh chuige i ríomhphost. Gach uair a shíneoidh tú isteach, is trí nasc slán a dhéanfaidh tú é; is le híomhá de ghlas fraincín a léirítear go bhfuil nasc slán.

**** Ná tabhair freagra ar an teachtaireacht seo! ****

Go raibh maith agat

Is ríomhphost uathoibríthe é seo; más gá duit freagra a thabhairt air gabh chuig an leathanach seo.



An bhfuil do phasfhocal dearmadta agat?

1) Gabh chuig: https://europa.eu/epso/application/passport/login.cfm?comp_id=

2) Tabhair d'ainm logála isteach (féach thíos)

Cuir isteach sa bhosca thíos d'ainm logála isteach agus cuirfear chugat ríomhphost a mbeidh treoracha ann.

Cuireadh ríomhphost chugat ina bhfuil do chuid sonraí logála isteach. Tá 24 uair an chloig agat le do phasfhocal nua a ghníomhachtú.

3) Cuirfear ríomhphost uathoibríthe chugat ina mbeidh nasc chuig leathanach gréasáin ar a bhféadfaidh tú d'ainm úsáideora a athshocrú (féach thíos).

Ó:

Chuig:

Maidir le: Cuntas EPSO: D'iarr tú pasfhocal nua

Is féidir leat do phasfhocal a athshocrú tríd an nasc seo. Féach nach bhfeidhmíonn an nasc ach ar feadh 24 uaire. I ndiaidh na tréimhse sin is gá iarratas eile a dhéanamh ar do phasfhocal a athshocrú.

[Pasfhocal dearmadta](#) • [Ainmúsáideor dearmadta](#) • [Cúnamh](#) • [Téarmaí úsáide](#) • [Príobháideachas Fadhb agat fós?](#)

Má tá sé ag dul deacair ort fós logáil isteach i do chuntas, déan teagmháil linn tríd an bhfoirm teagmhála.

Do phasfhocal a chosaint

Ní iarrfaidh EPSO ort CHOÍCHE do phasfhocal a sheoladh chuige i ríomhphost. Gach uair a shíneoidh tú isteach, is trí nasc slán a dhéanfaidh tú é; is le híomhá de ghlas fraincín a léirítear go bhfuil nasc slán.

**** Ná tabhair freagra ar an teachtaireacht seo! ****

Go raibh maith agat

Is ríomhphost uathoibríthe é seo; más gá duit freagra a thabhairt air gabh chuig an [leathanach seo](#).

4) Athraigh do phasfhocal agus dearbhaigh an t-athrú.

5) Cuirfear ríomhphost chugat á dhearbhú go bhfuil an t-athrú déanta.

Tá do phasfhocal athraithe agat.



Iarscríbhinn II: An ráiteas príobháideachais maidir le cosaint sonraí pearsanta

An ráiteas príobháideachais sonrath maidir le cosaint sonraí pearsanta i gcás comórtas oscailte

Mar chuid de chomórtas oscailte, déantar na sonraí pearsanta uile a chuir iarrthóirí ar fáil a phróiseáil i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Nollaig 2000 (http://europa.eu/geninfo/legal_notices_en.htm#personaldata). Sula gcláróidh iarrthóir agus i gcomhréir le hAirteagal 11 agus Airteagal 12 den Rialachán seo, tabharfaidh EPSO an t-eolas seo a leanas dó:

An Rialóir: Nicholas David BEARFIELD, Stiúrthóir EPSO.

Cuspóir(i) na próiseála: comórtas oscailte a eagrú chun daoine a roghnú a d'fhéadfadh na hinstiúidí Eorpacha a earcú; chun iarratais agus céimeanna éagsúla na gcomórtas oscailte sin a bhainistiú ó thaobh riaracháin de; úsáid na bpainéal a bhainistiú agus a sheiceáil.

Na sonraí atá i gceist:

1. Sonraí pearsanta lenar féidir an t-iarrthóir a shainaithint (sloinne, ainm, ainm tráth a bhreithe, dáta breithe, inscne, uimhir doiciméid aitheantais, seoladh ríomhphoist).
2. Eolas a chuir an t-iarrthóir ar fáil chun gur féidir trialacha iontrála agus gach triail eile a eagrú go héifeachtach (seoladh, cód poist, cathair, inscne, teileafón agus uimhir facs, teanga le haghaidh comhfhreagrais).
3. Is in aonad inrochtana EPSO amháin a stórálfar eolas a chuir an t-iarrthóir ar fáil ar aon riachtanais speisialta atá aige.
4. Eolas a chuir an t-iarrthóir ar fáil chun gur féidir a incháilitheacht a mheas de réir na gcritéar incháilitheachta atá leagtha síos san fhógra comórtas (saoránacht, teangacha, diplóma/oiliúint: bliain an bhronnta, teideal, ainm an chomhlachta bhronnta, taithí oibre).
5. An fáth ar chuir an t-iarrthóir isteach ar an gcomórtas.
6. Torthaí na dtrialacha iontrála agus scríofa agus na dtrialacha ó bhéal agus torthaí thrialacha an ionaid measúnaithe, an pas inniúlachtaí agus, chomh maith leis sin, dáileachán na staitisticí foriomlána, chun trédhearcacht a chinntiú.
7. Is chun painéil i mbunachar de shonraí na n-iarrthóirí ar éirigh leo a bhainistiú, agus chuige sin amháin, a úsáidtear an córas sannta bratach.

Freagraí éigeantacha nó freagraí roghnacha: Is réimsí éigeantacha na réimsí uile a bhfuil réiltín (*) leo. Mura bhfuil siad líonta isteach, ní féidir an clárú a dhéanamh.

Bunús dlí: Rialachán Foirne na nOifigeach agus Coinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh eile na gComhphobal Eorpach, mar atá leagtha síos le Rialachán (CEE, Euratom, CEEG) Uimh. 259/68 ón gComhairle, Rialachán arna leasú go direanach le Rialachán (CE Euratom) Uimh. 337/2007; Cinneadh Uimh. 2002/620/CE ó Pharlaimint na hEorpa, ón gComhairle, ón gCoimisiún Eorpach, ón gCúirt Bhreithiúnais, ón gCúirt Iníúchóirí, ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa, ó Choiste na Réigiún agus ón Ombudsman Eorpach an 25 Iúil 2002 lena mbunaítear Oifig um Roghnú Foirne na gComhphobal Eorpach.

Iad sin a mbeidh rochtain acu ar na sonraí: I gcás ina gcuirtear iarrthóir ar an bpainéal: na hinstiúidí Eorpacha chun gur féidir leo post a thairiscint (ní bhfaigheann na hinstiúidí Eorpacha aon eolas ar mhíchumas). I gcás gearán riaracháin faoi Airteagal 90 § 2 de na Rialachán Foirne agus/nó gearán breithiúnach a chuirtear isteach chuig Cúirteanna an Aontais Eorpaigh: Seirbhís Dlí an údaráis ceapacháin lena mbaineann agus/nó Cúirteanna an Aontais Eorpaigh. Foireann OLAF, na Seirbhíse um Iníúchóireacht Inmheánach agus na Cúirte Iníúchóirí ar iarratas; ní bhfaighidh siad ach na sonraí is gá chun imscrúduithe oifigiúla nó iniúchóireachtaí a dhéanamh.

Próiseáil thar ceann an Rialóra i gcomhréir le hAirteagal 23 de Rialachán 45/2001: na Boird Roghnúcháin, gnólachtaí príobháideacha.



Dlíthiúlacht próiseála: is gá próiseáil chun dualgas a dhéanamh a dhéantar ar son leas an phobail, ar bhonn na gConarthaí, is é sin baill foirne a earcú.

Dáta tosaigh na próiseála: dáta déanta an iarratais.

Tréimhse bhailíochotha: i gcás sonraí ar líne, go ceann 12 mhí i ndiaidh earcú an iarrthóra ar éirigh leis nó go dtí dúnadh an phainéil murar earcaíodh an t-iarrthóir. I gcás iarrthóirí (nár éirigh leo), coinnítear sonraí ar líne go ceann 12 mhí i ndiaidh dhúnadh chomórtais dheireanaigh inar ghlac an t-iarrthóir páirt. Iarratais nár bailíochothaíodh: 1 bhliain i ndiaidh an dáta dúnta. Déantar comhaid pháipéir a chomhdú agus a choinneáil go ceann 10 mbliana.

Ceart rochtana agus ceart ceartúcháin: trí fhéachaint ina gcuntas EPSO, is féidir le gach iarrthóir a sonraí pearsanta a sheiceáil agus iad a athrú ar líne tráth ar bith, ach amháin a shloinne, sloinne trátha bhreithe, a dháta breithe agus a shaoránacht: chun sin a dhéanamh ní mór iarraidh oifigiúil a bhfuil údar leis a chur isteach i scríbhinn chuig EPSO tríd an seoladh ríomhphoist seo: [EPSO Webform](#). Go dtí go ndéanfar an bailíochtú deiridh ar an iarratas, is féidir le hiarrthóir na sonraí uile atá ina iarratas a athrú. I ndiaidh an bhailíochoitithe ní féidir aon sonraí atá san iarratas a athrú. Maidir leis an gcóras sannta bratach a úsáidtear sa bhunachar ina stóráiltear sonraí na n-iarrthóirí ar éirigh leo, cuirtear na hiarrthóirí sin ar an eolas go huathoibríoch, gach duine ar leithligh, faoi aon athrú a rinneadh ar a stádas brataí ar iarratas ó na hinstiúidí Eorpacha. Ní bhaineann an ceart ceartúcháin ach le hearráidí follasacha ionchódúcháin, agus ní fhágann sé nach féidir leis na hinstiúidí Eorpacha na hiarrthóirí sin a oireann do na próifíl is gá a chur in áirithe chun gur féidir iad a earcú go ceann tréimhse theoranta ama.

Tá an ceart ag iarrthóirí dul i dteagmháil tráth ar bith leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí (edps@edps.europa.eu).

An ráiteas príobháideachais sonracha i gcás próiseas roghnúcháin gníomhairí sealadacha

Na sonraí a chuireann an t-iarrthóir ar fáil le linn an phróisis roghnúcháin seo, próiseálar iad i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Nollaig 2000 (http://europa.eu/geninfo/legal_notices_en.htm#personaldata). Faoi Airteagal 11 agus Airteagal 12 den Rialachán seo, caithfidh EPSO an t-eolas seo a leanas don iarrthóir:

An Rialóir Sonraí: Nicholas David BEARFIELD, Stiúrthóir EPSO.

Cuspóirí na próiseála: cuidiú leis na hinstiúidí Eorpacha agus le comhlachtaí agus ranna de chuid an Chomhphobail baill foirne shealadacha a roghnú trí liosta a chur ar fáil de na hiarrthóirí oiriúnacha is fearr a oireann don phróifíl atá leagtha síos san fhógra folúntais. Coinneofar na hiarrthóirí uile ar an eolas, gach duine ar leithligh faoi dhul chun cinn an phróisis roghnúcháin.

Na sonraí atá i gceist: sonraí na n-iarrthóirí atá cláraithe do na próisis roghnúcháin sin.

Freagraí éigeantacha nó freagraí roghnacha: Tá gach réimse éigeantach. Mura bhfuil siad líonta isteach, ní féidir an clárú a dhéanamh.

Catagóirí sonraí:

- Sonraí pearsanta lenar féidir an t-iarrthóir a shainníthint agus teagmháil a dhéanamh leis (sloinne, ainm, ainm tráth a bhreithe, inscne, uimhir doiciméid aitheantais, seoladh pearsanta, ainm agus uimhir fóin duine ar féidir teagmháil a dhéanamh leis mura mbeidh an t-iarrthóir ar fáil).
- Is in aonad inrochtana EPSO amháin a stórálfar eolas a chuir an t-iarrthóir ar fáil ar aon riachtanais speisialta atá aige.
- Eolas a chuireann an t-iarrthóir ar fáil le linn an phróisis roghnúcháin chun a léiriú an oireann an t-iarrthóir don phróifíl atá leagtha síos san fhógra folúntais (CV na formáide Eorpaí maille leis na doiciméid tacaíochta is gá, go háirithe dioplómaí oideachais agus fianaise ar thaitní oibre).
- An t-eolas sin a bhaineann leis féin ar dhul chun cinn an phróisis roghnúcháin a thugtar do gach iarrthóir.



Bunús dlí: Rialachán Foirne na nOifigeach agus Coinníollacha Fostaíochta na Seirbhíseach Eile de chuid na gComhphobal Eorpach, mar atá leagtha síos i Rialachán (CEE, Euratom, CEEG) Uimh. 259/68 ón gComhairle, Rialachán arna leasú go deireanach le Rialachán (CE Euratom) Uimh. 337/2007; Cinneadh Uimh. 2002/620/CE ó Pharlaimint na hEorpa, ón gComhairle, ón gCoimisiún, ón gCúirt Bhreithiúnais, ón gCúirt Iniúchóirí, ón gCoiste Eacnamaíoch agus Sóisialta, ó Choiste na Réigiún agus ón Ombudsman an 25 Iúil 2002 lena mbunaítear Oifig um Roghnú Foirne na gComhphobal Eorpach.

Iad siúd a mbeidh rochtain acu ar na sonraí: an roinn a d'iarr go n-eagrófaí an próiseas roghnúcháin. I gcás gearán riaracháin faoi Airteagal 90 § 2 de na Rialachán Foirne agus/nó gearán breithiúnach a chuirtear isteach chuig Cúirteanna an Aontais Eorpaigh gheobhaidh Seirbhís Dlí an údaráis ceapacháin lena mbaineann agus/nó Cúirteanna an Aontais Eorpaigh na sonraí chomh maith.

Dáta tosaigh na próiseála: an dáta a fhaightear comhad an iarrthóra

An teorainn ama le stóráil sonraí pearsanta: coinnítear cóip de chomhad iarratais an iarrthóra i gcartlann EPSO go ceann 5 bliana.

Ceart rochtana agus ceart ceartúcháin: féadfaidh iarrthóirí EPSO a cur ar an eolas faoi aon athrú ar a sonraí pearsanta tríd an bpost. Más gá, agus ar iarrtas i scríbhinn maille le cóip de shaghas éigin doiciméid aitheantais, féadfaidh iarrthóirí cóip a fháil dá gcuid sonraí pearsanta atá ionchódaithe ag EPSO.

Tá an ceart ag iarrthóirí fógra a thabhairt tráth ar bith don Mhaoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí (edps@edps.europa.eu).

An ráiteas príobháideachais sonrath maidir le cosaint sonraí pearsanta i gcás próiseas roghnaithe gníomhairí ar conradh

Mar chuid den phróiseas roghnúcháin seo, déanfar na sonraí pearsanta uile a chuir iarrthóirí ar fáil a phróiseáil i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Nollaig 2000 (http://europa.eu/geninfo/legal_notices_en.htm#personaldata). Sula gcláróidh iarrthóir agus i gcomhréir le hAirteagal 11 agus Airteagal 12 den Rialachán seo, tabharfaidh EPSO an t-eolas seo a leanas dó:

An Rialóir: Nicholas David BEARFIELD, Stiúrthóir EPSO.

Cuspóir na próiseála: cuidiú leis na hinstiúidí Eorpacha agus, má bhaineann sé leo, gníomhaireachtaí rialála gníomhairí ar conradh a roghnú trí bhunachar bailí de shonraí iarrthóirí a chur ar fáil dóibh, ós ar na hinstiúidí féin atá cúram na hearcaíochta. Déantar cinntí a bhaineann leis féin a chur in iúl do gach iarrthóir ag céim ar bith den phróiseas roghnúcháin trína chuntas EPSO.

Na sonraí atá i gceist: sonraí na n-iarrthóirí atá cláraithe do phróisis roghnúcháin gníomhairí ar conradh

Freagraí éigeantacha nó freagraí roghnacha: Is éigeantach gach réimse a bhfuil réiltín (*) léi. Mura bhfuil siad líonta isteach, ní féidir an clárú a dhéanamh.

Catagóirí sonraí:

- Sonraí pearsanta lena féidir an t-iarrthóir a shainaithint (sloinne, ainm, ainm i láthair na huairé, inscne, uimhir doiciméid aitheantais, seoladh príobháideach, seoladh ríomhphoist):
- Eolas a chuireann an t-iarrthóir ar fáil mar chuid den phróiseas roghnúcháin seo chun gur féidir próifíl an iarrthóra de réir mar atá sé leagtha síos sa ghlaó ar léiriú spéise a mheas (saoránacht, oideachas agus oiliúint, teangacha, gealltanais ón iarrthóir go rachaidh sé faoi sheiceálacha slándála ar bith, sonraí eile).
- Is in aonad inrochtana EPSO amháin a stórálfar eolas a chuir an t-iarrthóir ar fáil ar aon riachtanais speisialta atá aige.
- An t-eolas sin a bhaineann leis féin a thugtar do gach iarrthóir, trína phróifíl EPSO, maidir leis an bpróiseas roghnúcháin, agus, chomh maith leis sin, dáileachán na staitisticí foriomlána chun trédhearcaht a chinntiú.



- Is chun bunachar de shonraí na n-iarrthóirí ar éirigh leo a bhainistiú, agus chuige sin amháin, a úsáidtear an córas sannta bratach.

Bunús dlí: Rialachán Foirne na nOifigeach agus Coinníollacha Fostaíochta na Seirbhíseach Eile de chuid na gComhphobal Eorpach, mar atá leagtha síos i Rialachán (CEE, Euratom, CEEG) Uimh. 259/68 ón gComhairle, Rialachán arna leasú go deireanach le Rialachán (CE Euratom) Uimh. 337/2007; Cinneadh Uimh. 2002/620/CE ó Pharlaimint na hEorpa, ón gComhairle, ón gCoimisiún eorpach, ón gCúirt Bhreithiúnais, ón gCúirt Iniúchóirí, ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa, ó Choiste na Réigiún agus ón Ombudsman Eorpach an 25 Iúil 2002 lena mbunaítear Oifig um Roghnú Foirne na gComhphobal Eorpach.

Iad siúd a mbeidh rochtain acu ar na sonraí: na seirbhísí a bhfuil cúram na hearcaíochta orthu sna hinstiúidí Eorpacha agus i ngníomhaireachtaí rialála I gcás gearán riaracháin faoi Airteagal 90 § 2 de na Rialachán Foirne agus/nó gearán breithiúnach a chuirtear isteach chuig Cúirteanna an Aontais Eorpaigh gheobhaidh Seirbhís Dlí an údarais ceapacháin lena mbaianeann agus/nó Cúirteanna an Aontais Eorpaigh na sonraí chomh maith.

Dáta tosaigh na próiseála: an dáta clárúcháin

Tréimhse coinneála: 3 bliana i gcás bunachar de shonraí na n-iarrthóirí ar éirigh leo. Má choinnítear bunachar sonraí ar bun i ndiaidh na tréimhse trí bliana, cuirfidh EPSO fógra suas ar a shuíomh gréasáin á rá sin. Féadfaidh iarrthóirí féachaint ar na fógraí sin trí dhul chuig an leathanach gréasáin ag http://europa.eu/epso/success/index_en.htm.

Déanann EPSO an t-eolas is gá chun cuntas EPSO a chruthú (ainm úsaideora, ainm, ríomhphost agus pasfhocal) a choinneáil go ceann bliain amháin i ndiaidh dul in éag do bhailíocht an bhunachair sonraí. Féadfar na sonraí sin a úsáid arís chun clárú i bpróisis roghnaithe gníomhairí ar conradh a eagrófar ina dhiaidh sin.

Ceart rochtana agus ceart ceartúcháin: trí fhéachaint ar a gcuntas EPSO, is féidir le gach iarrthóir a shonraí pearsanta a sheiceáil agus iad a athrú ar líne tráth ar bith, ach amháin a ainm, a dháta breithe agus a shaoránacht: chun sin a dhéanamh ní mór iarraidh oifigiúil a bhfuil údar leis a chur isteach i scríbhinn chuig EPSO tríd an seoladh ríomhphost seo: [Webmaster form](#). Go dtí go ndéanfar an bailíochtú deiridh ar an iarratas, is féidir le hiarrthóir a chuid sonraí a athrú. Ina dhiaidh sin ní fhéadfar ach na sonraí sin lenar féidir an t-iarrthóir a shainiú a athrú. Ní bhaineann an ceart ceartúcháin ach le hearráidí follasacha ionchódúcháin, gan aon dochar don deis atá ag na hinstiúidí Eorpacha nó na gníomhaireachtaí rialála na hiarrthóirí sin a oireann do na próifílí is gá a chur in áirithe chun críocha féideartha earcaíochta go ceann tréimhse theoranta ama.

Tá an ceart ag iarrthóirí dul i dteagmháil tráth ar bith leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí (edps@edps.europa.eu).

Ní ceadmhach níos mó na aon chuntas EPSO amháin a chruthú. Ná cruthaigh cuntas EPSO má tá ceann agat cheana. Mura gclóí tú leis an riail sin, dícháileofar thú as na comórtais/próisis roghnúcháin ar chuir tú isteach orthu tríd na cuntais sin.

Is ionann cliceáil thíos agus a rá go gclóifidh tú leis an riail sin agus go ndearbhaíonn tú gur cuireadh ar an eolas thú faoin bpróiseáil a dhéanfar ar do chuid sonraí pearsanta (féach thuas).

Cuireadh ar an eolas mé faoi conas a phróiseálfar mo chuid sonraí pearsanta agus tolim cloí leis an riail maidir le cuntais EPSO.

